C/2024/5905

27.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11728 – CVC / CD&R / EPICOR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5905)

1. An 20 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— CVC Escape Holdings (DE) LP ('CVC Escape', SAM), faoi rialú deiridh CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí), agus

— Clayton, Dubilier & Rice Fund X ('CD&R Fund X', SAM), faoi rialú Clayton, Dubilier & Rice LLC ('CD&R', SAM), agus

— Epicor, Inc. ('Epicor', SAM), atá faoi rialú aonair CD&R faoi láthair.

Gheobhaidh CVC agus CD&R rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Epicor.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tugann CVC comhairle i leith cistí infheistíochta agus/nó bainistíonn sé iad agus tá leasanna aige i roinnt cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud an domhain,

— Is grúpa infheistíochta cothromais phríobháidigh é CD&R, atá lonnaithe i SAM, a thionscnaítear mar phríomhinfheisteoir cothromais i gceannach thar barr amach ag an mbainistíocht, infheistíocht chothromais mhionlaigh straitéiseach agus infheistíochtaí straitéiseacha eile agus a dhéanann é sin a struchtúrú agus a ghníomhaíonn go minic mar an príomhinfheisteoir sin, agus

— Is soláthraí domhanda bogearraí agus seirbhísí feidhmchláir fiontair é Epicor atá dírithe ar chuideachtaí beaga agus meánmhéide sna hearnálacha déantúsaíochta, dáileacháin, miondíola, gluaisteán agus soláthair foirgneamh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11728 – CVC / CD&R / EPICOR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË